RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/970 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Meitheamh 2021

lena gcuirtear allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir clárú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Nollaig 2020, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún"), le fógra arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ("an fógra tionscnaimh"), tionscnamh imeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an t-imeacht frithdhumpála") isteach san Aontas tar éis gearán a thaisc Institiúid Ceanglóirí Tionscail na hEorpa ("EIFI" nó "an gearánach") an 6 Samhain 2020 thar ceann táirgeoirí arb iad is cúis le breis agus 25 % den táirgeadh iomlán san Aontas de cheanglóirí iarainn nó cruach.

1. TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR CLÁRÚ

(2) Is é an táirge atá faoi réir clárú ("an táirge lena mbaineann") ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach, seachas cruach dhosmálta i.e. scriúnna adhmaid (gan scriúnna cóiste san áireamh), scriúnna féintapála, scriúnna agus boltaí eile ar a bhfuil cinn (cibé acu atá nó nach bhfuil a gcuid cnónna nó leicneán ag gabháil leo, ach gan scriúnna ná boltaí chun ábhar foirgníochta ráillí iarnróid a dheisiú san áireamh), agus leicneáin, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín" nó "an tír lena mbaineann"). Aicmítear an táirge seo faoi láthair faoi chóid CN 7318 12 90, 7318 14 91, 7318 14 99, 7318 15 58, 7318 15 68, 7318 15 82, 7318 15 88, ex 7318 15 95 (cóid TARIC 7318 15 95 19 agus 7318 15 95 89), ex 7318 21 00 (cóid TARIC 7318 21 00 31, 7318 21 00 39, 7318 21 00 95 agus 7318 21 00 98) agus ex 7318 22 00 (cóid TARIC 7318 22 00 31, 7318 22 00 39, 7318 22 00 95 agus 7318 22 00 98). Is chun críche faisnéise amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC.

2. IARRAIDH

(3) An 22 Eanáir 2021, thíolaic an gearánach iarraidh ar chlárú de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. D'iarr an gearánach go gcuirfí allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir clárú ionas gur féidir bearta a chur i bhfeidhm i gcoinne na n-allmhairí sin go cúlghabhálach ó dháta an chláraithe sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach sa bhun-Rialachán.

(4) An 11 Márta 2021, sholáthair an gearánach staitisticí nuashonraithe allmhairí mar thacaíocht dá iarraidh ar chlárú.

(5) Chuir dhá allmhaireoir/dháileoir ceanglóirí (Roth Blaas Srl agus Eurotec GmbH) agus comhlachas amháin a dhéanann ionadaíocht ar dháileoirí ceanglóirí (Comhlachas Dáileoirí Ceanglóirí na hEorpa nó "EFDA") barúlacha isteach mar fhreagra ar an iarraidh. D'iarr EFDA éisteacht a tharla an 9 Márta 2021. Chomh maith leis sin, d'iarr Roth Blaas Srl agus Eurotec GmbH éisteacht a tharla an 11 Bealtaine 2021.

3. NA FORAIS LE CLÁRÚ A DHÉANAMH

(6) De réir Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a thabhairt chun allmhairí a chlárú, ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm dá éis sin i gcoinne na n-allmhairí sin ó dháta an chláraithe sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach sa bhun-Rialachán. Féadfar allmhairí a chur faoi réir clárú tar éis iarraidh a fháil ón tionscal de chuid an Aontais ina bhfuil fianaise leordhóthanach chun údar a thabhairt chuige sin.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO C 442, 21.12.2020, lch. 6.

(7) Líomhain an gearánach, ar bhonn na staitisticí a bhí ar fáil, go raibh méadú suntasach ar allmhairí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin ("TI") (mí Iúil 2019 go mí an Mheithimh 2020) i leith an imscrúdaithe reatha, méadú ar dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna cinntitheacha féideartha. Thairis sin, rinne an gearánach an argóint go raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoi chleachtais dumpála na dtíortha lena mbaineann, nó gur cheart iad a bheith ar an eolas fúthu, i bhfianaise stair dhumpála an táirge lena mbaineann ([3])

(8) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an iarraidh i bhfianaise Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. D'fhíoraigh an Coimisiún cé a bhí nó nach raibh na hallmhaireoirí ar an eolas, nó ba cheart nó nár cheart dóibh a bheith ar eolas, faoin dumpáil maidir le méid na dumpála agus na díobhála a líomhnaítear a rinneadh nó a fuarthas amach a rinneadh. Rinne sé anailís freisin féachaint an raibh méadú suntasach breise ar allmhairí ar méadú é, i bhfianaise an trátha a tharla sé, a mhéid agus cúinsí eile, ar dócha go mbainfeadh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála cinntithí atá le cur i bhfeidhm.

3.1. **Feasacht na n-allmhaireoirí faoin dumpáil, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil a líomhnaítear a rinne siad nó faoi stair dhumpála**

(9) Ag an bpointe seo, tá fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún go bhfuil allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín á ndumpáil. Chuir an gearánaí fianaise leordhóthanach ar dhumpáil ar fáil, bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin (ar leibhéal díreach ón monarcha) an táirge lena mbaineann nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú chuig an Aontas. Ar an iomlán agus i bhfianaise mhéid na gcorrlach dumpála a líomhnaítear a rinneadh, corrlaigh atá idir 126 % agus 270 %, chuir an fhianaise sin tacaíocht leordhóthanach ar fáil go ndéanann na táirgeoirí onnmhairiúcháin dumpáil.

(10) Ina theannta sin, cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán ar dhíobháil a líomhnaítear a rinneadh do thionscal an Aontais, díobháil lena n-áirítear forbairt dhiúltach ar phríomhtháscairí feidhmíochta i leith thionscail an Aontais.

(11) Bhí an fhaisnéis sin sa leagan neamhrúnda den ghearán agus san Fhógra tionscnaimh le haghaidh na himeachta seo a foilsíodh an 21 Nollaig 2020 ([4]) araon Foilsiú an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é a fhágann gur doiciméad poiblí é a bhfuil rochtain ag gach allmhaireoir air. Thairis sin, ina gcáil mar pháirtithe leasmhara san imscrúdú tá rochtain ag allmhaireoirí ar an leagan neamhrúnda den ghearán agus ar an gcomhad neamhrúnda. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh allmhaireoirí ar an eolas, ar an mbonn sin, faoin dumpáil agus faoi mhéid na dumpála chomh maith leis an díobháil a líomhnaítear a rinneadh, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoin méid sin.

(12) An dá allmhaireoir a luaitear in aithris (5), mhaígh siad nach raibh aon fhianaise ann go raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoi mhéid na dumpála agus na díobhála a líomhnaítear a rinneadh, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoi. Mhaígh an dá allmhaireoir go háirithe go raibh an fhianaise a chuir an gearánaí ar fáil faoi dhumpáil agus faoin díobháil dá deasca teoranta don fhianaise arna cur ar fáil sa ghearán agus chun go mbeadh "feasacht" i gceist theastódh go mbeadh "eolas deimhneach" ann faoin bhfíric go ndearnadh allmhairí a dhumpáil, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil de thoradh na dumpála sin. Dhearbhaigh EFDA agus Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha ("CCCME") ina theannta sin nach raibh cruthúnas ann go raibh sé ar eolas ag na hallmhaireoirí go raibh gearán á ullmhú ag EIFI, ná go raibh imscrúdú á thionscnamh, agus dá bhrí sin nach raibh aon chruthúnas ann go raibh allmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil dhíobhálach a bhí ar siúl.

(13) Mhaígh na páirtithe céanna nach raibh stair dhumpála i gceist, agus is rud é ar dhírigh siad aird air chuige sin cinneadh Chomhlacht um Réiteach Díospóide EDT nach bhfuil an dumpáil dhíobhálach a bunaíodh in 2009 ([5]) i gcomhréir le Comhaontú frithdhumpála EDT ([6]).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 91/2009 ón gComhairle an 26 Eanáir 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 29, 31.1.2009, lch. 1) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/519 ón gCoimisiún an 26 Márta 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, dleacht a leathnaítear amach chun allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach arna gcoinsíniú ón Malaeis a chuimsiú, cibé acu a dhearbhaítear nó nach ndearbhaítear gur de thionscnamh na Malaeise iad, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 82, 27.3.2015, lch. 78).

([4]) Fógra tionscnaimh maidir le himeacht frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO C 442, 21.12.2020, lch. 6).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 91/2009 ón gComhairle an 26 Eanáir 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 29, 31.1.2009, lch. 1)

([6]) Comhlacht Réiteach Díospóide EDT: Tuarascáil an Phainéil, WT/DS397/RW, an 7 Lúnasa 2015 agus Tuarascáil an Bhuanchomhlachta Achomhairc, AB-2015-7, WT/DS397/AB/RW, an 18 Eanáir 2016.

(14) Mar a leagtar amach in aithris (11), le foilsiú an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, cuireadh allmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil, nó ba cheart ar a laghad an foilsiú sin a fhágáil go raibh siad ar an eolas faoin dumpáil. Is doiciméad poiblí é an Fógra Tionscnaimh a bhfuil rochtain ag gach páirtí leasmhar air, na hallmhaireoirí san áireamh. Thairis sin, ina gcáil mar pháirtithe leasmhara tá rochtain ag na hallmhaireoirí ar an leagan neamhrúnda den ghearán. In ainneoin dhearbhú na bpáirtithe sin, níl aon cheangal sa bhun-Rialachán go mbeadh "eolas deimhneach" faoi dhumpáil i gceist, ná go mbeadh cruthúnas ann gurb amhlaidh b'eol dóibh gur comhdaíodh an gearán agus/nó gur tionscnaíodh an t-imscrúdú, mar go sonraítear in Airteagal 10(4)(c) "nó go mba cheart é a bheith ar an eolas faoi" ionas go gcuimsítear na cásanna nach amhlaidh atá allmhaireoirí ar an eolas faoi dhumpáil ach inar cheart iad a bheith ar an eolas fúithi. Sa bhreis ar an bhFógra Tionscnaimh a bheith foilsithe measann an Coimisiún gurb amhlaidh a bhí na hallmhaireoirí in ann eolas deimhneach a bheith acu faoin bhfianaise atá ar fáil faoin dumpáil dhíobhálach nó gur cheart ar a laghad go mbeidís ar an eolas faoin bhfianaise sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(15) Thairis sin, murab ionann agus an méid a mhol na páirtithe leasmhara lena mbaineann, ní cheanglaítear le hAirteagal 10(4) den bhun-Rialachán gur tháinig an Coimisiún ar thoradh deimhneach san am atá thart gur tharla dumpáil dhíobhálach. Is leor go raibh allmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil a líomhnaítear a rinneadh, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoin méid sin. Ba amhlaidh go deimhin san imscrúdú atá leagtha amach in aithris (14) faoi láthair. Dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin freisin.

(16) Maidir le stair na dumpála, ós rud é go measann an Coimisiún go gcomhlíontar an ceanglas maidir le hallmhaireoirí a bheith ar an eolas faoi dhumpáil, ní gá anailís a dhéanamh ar cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an ceanglas sin go mbeadh stair dhumpála i gceist, mar gur ceanglas malartach sin a bhaineann leis an gceanglas feasachta faoi Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, tá an maíomh sin gan agóid.

(17) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh an critéar maidir le clárú in Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán.

3.2. **Méadú breise suntasach ar allmhairí**

(18) Rinne an Coimisiún anailís ar an gcritéar sin in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán bunaithe ar na sonraí staidrimh a bhaineann le hallmhairí den táirge lena mbaineann ón tSín atá ar fáil i mbunachar Surveillance 2. Chun a mheasúnú ar tharla méadú suntasach breise ó tionscnaíodh an t-imscrúdú, is é an chéad rud a rinne an Coimisiún na tréimhsí a bhí le cur i gcomparáid le chéile a shainiú. Ar thaobh amháin, rinne sé measúnú ar na sonraí allmhairiúcháin ón tSín ó thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála (i.e. an pointe ama a bhí allmhaireoirí ar an eolas faoi chleachtais dumpála nó ba cheart dóibh a bheith ar an eolas fúthu) anall go dtí an tréimhse is déanaí dá raibh ar fáil, i.e. an tréimhse idir mí Eanáir 2021 agus mí Aibreáin 2021. Ar an taobh eile, bhreithnigh an Coimisiún na hallmhairí Síneacha le haghaidh na tréimhse céanna le linn TI, mar aon leis na meánmhéideanna míosúla allmhairiúcháin in TI iomlán.

(19) Léiríonn an chomparáid gurb í seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an meánmhéid míosúil allmhairiúcháin ón tSín:

Tábla 1

Méideanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (tonaí)

Méideanna allmhairí (meán míosúil)	Tréimhse imscrúdaithe (mí Iúil 2019 – mí an Mheithimh 2020)	mí Eanáir – mí Aibreáin 2020	mí Eanáir – mí Aibreáin 2021	Deilte	
				mí Eanáir – mí Aibreáin 2021 vs Tréimhse imscrúdaithe	mí Eanáir – mí Aibreáin 2021 vs mí Eanáir – mí Aibreáin 2020
An tSín	20 040	18 583	26 528	+ 32 %	+ 43 %

Foinse: Bunachar sonraí Surveillance 2

(20) Ar bhonn na sonraí staidrimh sin, chinn an Coimisiún go raibh meánmhéid míosúil allmhairithe an táirge lena mbaineann ón tSín sa tréimhse ó mhí Eanáir 2021 go mí an Mhárta 2021, i.e. tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála, 32 % níos airde ná na meánallmhairí míosúla le linn TI agus 43 % níos airde ná le linn na tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin.

(21) Mhaígh EFDA nach raibh aon mhéadúú suntasach ar allmhairí, agus é ag díriú airde ar an ngearán a léirigh laghdú ar allmhairí ón tSín idir 2019 agus TI agus ag dearbhú nach léireofaí ach sreafaí trádála stairiúla in aon mhéadú tar éis TI agus nach léireodh aon mhéadú in 2020 ach téarnamh an mhargaidh tar éis na marbhántachta de thoradh phaindéim COVID19. Mhaígh EFDA freisin mar gheall ar sholáthar easpach de cheanglóirí caighdeánacha san Aontas Eorpach, gurbh éigean d'allmhaireoirí na táirgí úd a allmhairiú ón tSín ós í sin an t-aon fhoinse inmharthana soláthair a bhí ann Chuir siad leis an méid sin gur allmhairigh tionscal an Aontais ceanglóirí caighdeánacha, agus dá bhrí sin gurbh é an tionscal sin é féin ba chúis leis an méadú ar allmhairí, go páirteach ar a laghad. Sa deireadh, d'áitigh EFDA nach ndearna allmhairí na Síne ach áit allmhairí ó thríú tíortha eile a ghlacadh.

(22) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh CCCME nár tháinig aon mhéadú ar allmhairí idir 2019 agus TI agus mhaígh sé cé gur tháinig méadú ar allmhairí idir 2019 agus 2020 nach féidir a mheas gur méadú substainitiúil atá ann, go háirithe agus é á chur san áireamh gur tháinig laghdú ar iomlán na n-allmhairí (an tSín agus tríú tíortha eile) le linn na tréimhse sin. Mhaígh CCCME freisin nár shonraí ionadaíocha iad na sonraí a chuir an gearánaí ar fáil ina iarratas ar chlárú, mar gur bhain siad le lastais a ordaíodh agus a seoladh cheana roimh dheireadh TI agus sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Líomhain CCCME freisin gurb é tionscal an Aontais féin ba chúis leis an méadú ar allmhairí, go páirteach ar a laghad.

(23) Mhaígh an dá allmhaireoir thuasluaite nach méadú suntasach a tháinig ar allmhairí agus in aon chás gurb é an t-údar a bhí leis méadú a tháinig ar an éileamh ar cheanglóirí tar éis marbhántacht i margadh an Aontais sa chéad leath de 2020 de thoradh phaindéim COVID-19. Mhaígh siad freisin go raibh laghdú ar thairiscintí lastais agus ar an spás coimeádán a bhí ar fáil mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus mar thoradh air sin go raibh ardú suntasach ar chostais lastais. D'fhág sé sin gur éirigh sé níos deacra lastais a fháil ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus nach rogha inmharthana a bhí sa stoc-charnadh.

(24) Dhearbhaigh EFDA nár tharla aon stoc-charnadh san Aontas, agus gurb é a mhalairt a bhí ann sa mhéid go raibh deacrachtaí ag roinnt ball de EFDA freastal ar éilimh a gcuid custaiméirí san Aontas mar gheall ar an gcás deacair atá ann maidir leis an soláthar, cás a dtugtar tuairisc bhreise air in aithris (44).

(25) Mar a leagtar amach in aithris (18), an tréimhse tar éis thionscnamh an imscrúdaithe reatha (mí Eanáir 2021 go mí an Mhárta 2021), mheas an Coimisiún gurb í an tréimhse sin ba cheart a bheith mar thagairt chun measúnú a dhéanamh maidir le méadú ar allmhairí, mar is ón tréimhse sin i leith atá allmhaireoirí ar an eolas faoi chleachtais dumpála, nó is ó shin i leith is ceart dóibh a bheith ar an eolas faoi na cleachtais sin. Mar a léirítear i dTábla 1 thuas, an chomparáid idir an treocht allmhairiúcháin i gcaitheamh na dtrí mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe agus an treocht sa tréimhse chéanna de TI ar thaobh amháin, agus idir na trí mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe agus an meán míosúil le linn TI ar an taobh eile, is comparáid í a léiríonn méadú suntasach ar allmhairí, méadú atá os cionn 30 % sa dá chás.

(26) An argóint maidir le héileamh an Aontais ar an táirge lena mbaineann de thoradh phaindéim COVID-19, níl sí ag baint go díreach le hábhar maidir lena mheasúnú cibé acu a tháinig nó nár tháinig méadú suntasach ar allmhairí de bhun Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán, rud ar critéar oibiachtúil é agus nach dteastaíonn measúnú ar na cúiseanna atá leis an méadú lena aghaidh. In aon chás, fiú dá mbeadh an argóint sin ábhartha, tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig méadú 35 % freisin ar allmhairí den táirge lena mbaineann ón tSín tar éis tionscnaimh an imscrúdaithe (mí Eanáir go mí an Mhárta 2021) i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019 (roimh an bpaindéim). Dá bhrí sin ní dhearbhaíonn na staitisticí atá ar fáil, in aon chás, na líomhaintí a rinneadh nach léiríonn an méadú ar allmhairí ach téarnamh tar éis na marbhántachta a bhí i margadh an Aontais roimhe sin. Ní hé sin atá i gceist, ach é seo – tá an méadú ar allmhairí chomh soiléir céanna i gcomparáid leis an méid allmhairí le linn na chéad trí mhí de 2019, i.e. nuair nach raibh difear déanta don mhargadh de dheasca na paindéime.

(27) Ó thaobh an mhaímh maidir leis an gcás atá ann san Aontas i ndáil leis an soláthar, is ceist é sin freisin nach bhfuil ag baint go díreach le hábhar i gcomhthéacs an chritéir oibiachtúil maidir leis an méadú ar allmhairí faoi Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán i ndáil le clárú allmhairí. Is féidir ceisteanna dá leithéid a bheith ábhartha agus féadfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs leas an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bhí an maíomh sin neamhábhartha agus níor ghá dul i ngleic leis sa chomhthéacs seo.

(28) Maidir leis an argóint nach rogha inmharthana a bheadh sa stoc-charnadh mar thoradh ar an gcostas iompair ardaithe, ní thagann na staitisticí allmhairiúcháin leis an maíomh sin, sa mhéid is go léiríonn siad méadú suntasach ar allmhairí sna chéad trí mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, mar a léirítear thuas i dTábla 1. In aon chás ní dhéanfadh an maíomh sin difear don cheanglas maidir le méadú breise ar allmhairí, ar critéar oibiachtúil é. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(29) I bhfianaise na gceisteanna thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh an dara critéar maidir le clárú freisin.

3.3. **An bonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na dleachta**

(30) Tá fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún go mbeadh díobháil bhreise ann de thoradh méadú leanúnach ar allmhairí ón tSín, rud lena mbaineann an trátha a bheadh an méadú sin ag tarlú, a mhéid agus cúinsí eile freisin, agus gur dócha dá bhrí sin go mbainfeadh an méadú sin an bonn go mór d'éifeachtaí ceartaitheacha na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

(31) Mar a léirítear in aithrisí (18) go (29), tá fianaise leordhóthanach ann go bhfuil méadú suntasach tagtha ar allmhairí an táirge lena mbaineann ina n-iomláine sa tréimhse tar éis thionscnamh an imscrúdaithe. Tugann méid substainteach an mhéadaithe sin le fios cheana féin gur dóchúil go mbainfí an bonn d'éifeacht cheartaitheach na dleachta cinntithí dá gcomhlíonfaí na coinníollacha dlíthiúla.

(32) Maidir le praghsanna allmhairí, de réir bhunachar sonraí Surveillance 2 tháinig ardú 6,0 % ar an meánphraghas allmhairí ón tír lena mbaineann nuair a chuirtear an tréimhse idir mí Eanáir 2021 agus mí Aibreáin 2021 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe sin, agus tháinig ardú 7,3 % air nuair a chuirtear í i gcomparáid leis an meán míosúil sa tréimhse imscrúdúcháin, mar a léirítear i dTábla 2 thíos.

Tábla 2

Praghsanna allmhairí ón tír lena mbaineann (EUR/tona)

An Meánphraghas allmhairí	An Tréimhse imscrúdúcháin (Iúil 2019 – Meitheamh 2020)	Eanáir – Aibreán 2020.	Eanáir – Aibreán 2021	Méadú ar phraghsanna (%) Eanáir – Aibreán 2021 vs Tréimhse imscrúdaithe	Méadú ar phraghsanna (%) Eanáir – Aibreán 2021 vs Eanáir 2020 – Aibreán 2020
An tSín	1 484	1 465	1 573	6,0 %	7,3 %

(33) Mar sin féin, ní mór an méadú sin ar phraghsanna a mheas i gcomhthéacs méadaithe atá tagtha ar an bpríomh-amhábhar le haghaidh an táirge lena mbaineann agus méadaithe atá tagtha ar na costais lastais idirnáisiúnta, dhá mhéadú a thosaigh sa dara leath de 2020 mar atá shonraítear thíos.

(34) Maidir leis na hamhábhair, tá an táirge lena mbaineann déanta de chruach den chuid is mó, eadhon cornaí teorollta. De réir na faisnéise atá ar fáil ag an gcéim seo, is é 70 % cuid na cruach den chostas iomlán as ceanglóirí a mhonarú. Mhéadaigh ar phraghas na cruach ar fud an domhain idir mí Aibreáin 2020 agus mí Aibreáin 2021; méadú os cionn 50 % a bhí i gceist sna príomh-mhargaí go léir ([7]). Ní eisceacht atá sa tSín, agus an méadú a tháinig ar phraghsanna cornaí teorollta idir mí Aibreáin 2020 agus mí Aibreáin 2021, is méadú 74 % atá ann ([8]). An méadú ar phraghas an táirge lena mbaineann arna allmhairiú ón tSín sna chéad 3 mhí de 2021 (i.e. 6,1 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2020 nó 4,9 % i gcomparáid leis an meánluach míosúil in TI), is ísle i bhfad an méadú sin ná an méadú domhanda ar chostas an phríomh-amhábhair sin, eadhon cornaí teorollta (74 %). Dá bhrí sin, nuair a mheastar sa chomhthéacs sin, ní leor an méadú sin ar phraghsanna ar chor ar bith chun an méadú ollmhór ar phraghas na n-amhábhar a aisghabháil, rud a léiríonn an-spealadh ó thaobh praghsanna de agus ar dócha dá bhrí sin go mbainfear an bonn dá bharr den dleacht chinntitheach frithdhumpála a d'fhéadfadh a bheith ann.

([7]) https://www.fitchratings.com/research/corporate-finance/global-steel-price-rally-will-be-short-lived-02-02-2021; https://tradingeconomics.com/commodity/steel; https://ihsmarkit.com/solutions/steel-forecast.html

([8]) https://www.investing.com/commodities/shfe-hot-rolled-coil-futures-historical-data

(35) Ó thaobh lastais, chuir na páirtithe leasmhara in iúl gur éirigh costais loingseoireachta domhanda thar a bheith costasach sa dara leath de 2020, go háirithe i ndáil le loingseoireacht idir an Áise agus an Eoraip. Is minic b'ionann an méadú sin agus 150 %, agus tá fianaise air ar fáil go poiblí ([9]). Is ionann costais lastais agus thart ar 3 % den chostas sonraisc chun na hEorpa, bunaithe ar fhreagraí neamhdheimhnithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a sampláladh. Mar sin, breis agus leath an mhéadaithe a fheictear atá tagtha ar phraghsanna allmhairí an táirge lena mbaineann, tugtar le tuiscint go bhfuil a fhios cheana céard is cúis léi, mar atá an t-athrú ar na costais lastais. Nuair a chuirtear an cúinse eile sin san áireamh tugtar le tuiscint gur laghdú a tháinig i ndáiríre ar phraghas an táirge lena mbaineann, mar is chun leas sholáthraí na seirbhísí loingseoireacht atá tionchar an lastais, agus gur rud é atá lasmuigh de chumhacht praghsála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(36) Anuas air sin, tharla an méadú ar phraghsanna i gcomhthéacs inar léirigh an fhianaise *prima facie* corrlach sladghearrtha idir 27 % agus 72 % agus corrlach gearrdhíola idir 41 % agus 251 %. Dá bhrí sin, d'fhan na leibhéil praghsanna ar allmhairí ar leibhéil an-díobhálach agus chuaigh siad i laghad fiú i dtéarmaí coibhneasta, i bhfianaise an mhéadaithe dhomhanda ar chostais cruach agus lastais.

(37) Na méideanna breise móra allmhairí a taifeadadh tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, tá dóchúlacht an-ard ann gurb é an toradh a bheidh orthu sin go dtiocfaidh méadú ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí na Síne.

(38) Mhaígh an dá allmhaireoir thuasluaite, EFDA agus CCCME, nach dócha gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ná go mbeadh allmhairí na Síne ina gcúis leis an díobháil sin. Dhearbhaigh an dá allmhaireoir nach mbeadh aon fhianaise ar dhíobháil ábhartha sa ghearán. Thagair EFDA agus CCCME don Chúirt Ghinearálta ([10]), agus an measúnú ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann allmhairí "an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na ndleacht", dúirt siad gur measúnú é inar chóir don Choimisiún a mheasúnú cibé acu a bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, agus nach bhfuil aon fhianaise den sórt sin sa ghearán.

(39) D'áitigh CCCME ina theannta sin nach bhféadfadh aon ardú ar allmhairí "an bonn a bhaint go mór d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna" mar go dtáirgeann tionscal an Aontais ceanglóirí speisialta den chuid is mó nach raibh san iomaíocht leis na hallmhairí ón tSín ar ceanglóirí caighdeánacha iad den chuid is mó.

(40) Maidir leis an maíomh sin, mheas an Coimisiún, mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh, go bhfuil fianaise *prima facie* leordhóthanach sa ghearán a léiríonn gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de thoradh allmhairí an táirge lena mbaineann as an tSín agus mar sin diúltaíodh do na hargóintí sin.

(41) Maidir le maíomh CCCME nach raibh allmhairí na Síne san iomaíocht le díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, ní raibh aon fhianaise ag tacú leis sin agus tá sé ag teacht salach ar an bhfianaise *prima facie* arna soláthar sa ghearán, fianaise a léirigh méadú ar allmhairí dumpáilte ón tSín a tharla ag an am céanna a bhí cás thionscal an Aontais ag dul i ndonas, mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh. Dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin.

(42) Ar bhonn a bhfuil thuas, an méadú breise ar allmhairí ón tSín tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go dtugann na heilimintí go léir thuas le fios gur dócha go mbainfidh an méadú sin an bonn go mór d'éifeachtaí ceartaitheacha na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann, conclúid ar ar tháinig sé i bhfianaise an trátha atá an méadú sin ag tarlú, a mhéid agus cúinsí eile freisin. Dá bharr sin, comhlíonadh an critéar sin in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán chomh maith.

3.4. **Argóintí eile a rinne na páirtithe leasmhara**

(43) Mhaígh an dá allmhaireoir thuasluaite gur cheart go mbeadh an fhianaise a bheadh riachtanachchun clárú de chaighdeán níos airde ná an fhianaise a bheadh riachtanach chun tionscnaimh, go háirithe i bhfianaise chur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha na ndleachtanna.

(44) Mhaígh EFDA go mbeadh bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha contrártha do leas an Aontais. D'áitigh siad ar an gcéad dul síos, nach mbeadh tionscal an Aontais in ann ceanglóirí caighdeánacha a sholáthar, agus dá bhrí sin gur ghá na ceanglóirí caighdeánacha sin a fháil ón tSín. Sa chomhthéacs seo, dhearbhaigh EFDA go n-éireodh sé níos deacra de réir a chéile ceanglóirí a fhoinsiú ón tSín mar gheall ar na téarmaí fada seachadta, ar dhiúltú onnmhaireoirí na Síne ceanglóirí a sholáthar go dtí go mbeidh toradh an imscrúdaithe reatha ann, ar an easpa acmhainneachta breise sa tSín, agus an easpa coimeádán ón Áise, easpa atá dulta i ndonas de bharr bhlocáil

([9]) https://www.ft.com/content/ad5e1a80-cecf-4b18-9035-ee50be9adfc6

([10]) Breithiúnas maidir le Stemcor London agus Samac Steel Supplies v an Coimisiún, T-749/16, ECLI:EU:T:2019:310, mír 83.

Chanáil Suaise. Thagair EFDA freisin do ghanntanas foriomlán amh-ábhar le haghaidh táirgeoirí ceanglóirí san Aontas, agus don fhíoras nach mbeadh aon fhoinse inmharthana soláthair eile ar fáil seachas an tSín. Ar an dara dul síos, dhearbhaigh EFDA, mar gheall ar an droch-chás atá ann maidir leis an soláthar, go mbeadh éifeacht dhíobhálach ag clárú allmhairí agus forchur beart sealadach ar an tionscal iartheachtach, agus nach gá dleachtanna cinntitheacha a bhailiú go cúlghabhálach ó dháta an chláraithe amach.

(45) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh CCCME gur ar éigean a bhíonn ceanglóirí caighdeánacha ar fáil san Aontas agus nárbh ann d'aon fhoinse inmharthana soláthair eile seachas an tSín.

(46) Maidir le caighdeán na fianaise i gcomhair clárú, rinne an Coimisiún anailís ar shonraí staidrimh ó bhunachar sonraí Surveillance 2 chomh maith le faisnéis eile a bhí aige a léirigh méadú substaintiúil ar allmhairí ar phraghsanna arb amhlaidh a leibhéal agus gur mhór ba dhócha go mbeidís díobhálach. Tá an fhianaise sin iomlán iontaofa agus níl sé cruthaithe ag na páirtithe sin cén chaoi nach mbeadh an fhianaise sin iontaofa nó cén fhianaise ab fhearr a bheadh ar fáil agus nár úsáideadh. Dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin.

(47) Maidir le caighdeán na fianaise arna héileamh i gcomhthéacs Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán, bhunaigh an Coimisiún a chuid conclúidí ar an bhfianaise ab fhearr atá ar fáil faoi láthair, lena n-áirítear an gearán ar tionscnaíodh an t-imscrúdú dá bharr. Ní éilítear go mbeadh torthaí dearfacha i gceist chuige sin, mar is é an chaoi a bhfuil na torthaí sin nach bhféadfaí teacht orthu go brách roimh fhorchur beart sealadach. Dá nglacfaí aon chur chuige eile bhainfí a *effet utile* go hiomlán den uirlis chlárúcháin. Maidir leis na nithe eile a mhaígh EFDA, baineann siad le bailiú cúlghabhálach dleachtanna cinntitheacha agus/nó le forchur beart sealadach. An cinneadh bearta sealadacha a fhorchur agus ina dhiaidh sin an cinneadh féideartha dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach ar bhonn an rialacháin clárúcháin sin, tugann an Coimisiún dá aire gur cinntí iad sin nach nglacfar go dtí céim níos déanaí san imeacht. Dá bhrí sin meastar na nithe sin a maíodh a bheith neamhábhartha i gcomhthéacs an rialacháin clárúcháin seo. Is amhlaidh an cás maidir le maíomh a bhaineann le leas an Aontais, rud a dtugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé ar cheann de na coinníollacha chun bearta frithdhumpála sealadacha nó cinntitheacha a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, ach nach gá anailís a dhéanamh air agus measúnú á dhéanamh ar an ngá atá le hallmhairí a chlárú nó dleachtanna cinntitheacha a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach. Dá bhrí sin, bhí an t-éileamh sin neamhábhartha agus níor ghá dul i ngleic leis sa chomhthéacs seo.

(48) Luaigh EFDA go gceanglaítear go sonrach in Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán go gcomhlíonfaí coinníollacha Airteagal 10(4)(c) agus (d) den bhun-Rialachán. I bhfocail eile, d'áitigh sé gur cheart na critéir sin a chur san áireamh i gcinneadh ón gCoimisiún allmhairí a chlárú agus freisin nuair a chláraítear allmhairí faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, is é sin le rá nuair a bhíonn sé bunaithe ar iarraidh ag tionscal an Aontais.

(49) Tugtar faoi deara, mar a leagtar amach in aithris (8), i gcomhréir leis an reachtaíocht agus a chleachtadh leanúnach ó thaobh Airteagal 14(5) a chur i bhfeidhm, gur scrúdaigh an Coimisiún an iarraidh ar chlárú i bhfianaise Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán ina leagtar síos na coinníollacha substaintiúla chun dul ar aghaidh le clárú. De réir mar a thuairiscítear go mionsonraithe in aithrisí (9) go (42), measadh gur comhlíonadh Airteagal 10(4)(c) agus (d) den bhun-Rialachán agus mar sin diúltaíodh don mhéid a mhaígh EFDA i ndáil leis sin.

3.5. **Cearta cosanta agus nochta**

(50) Faisnéis bhreise áirithe a sholáthair EIFI maidir lena iarraidh ar chlárúchán, mhaígh EFDA agus CCCME nár cuireadh ar fáil í do na páirtithe leasmhara go dtí roinnt seachtainí ina dhiaidh, rud a chiallaíonn nach mbeidís in ann a gcearta dlisteanacha cosanta a chleachtadh.

(51) Mhaígh CCCME freisin gur cheart don Choimisiún aon chinneadh maidir le hallmhairí a chlárú a nochtadh sách luath roimh ré agus ar an gcaoi sin ceadú do pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar an gcinneadh.

(52) An fhaisnéis neamhrúnda arna soláthar ag an ngearánaí, tugann an Coimisiún dá aire gurb amhlaidh a cuireadh ar fáil í do pháirtithe leasmhara a thug barúlacha breise. Ghlac an Coimisiún leis na barúlacha sin go léir agus rinne sé measúnú orthu sular ghlac sé cinneadh. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur deonaíodh cearta cosanta na bpáirtithe go hiomlán i ndáil leis sin.

(53) Maidir leis an iarraidh ar nochtadh roimh ré, tugtar faoi deara nach bhforáiltear do chéim den sórt sin leis an mbun-Rialachán agus nach gceanglaítear a leithéid leis an Rialachán sin. De réir Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí a chlárú tar éis iarraidh a fháil ina bhfuil fianaise leordhóthanach chun údar a thabhairt chuige sin. Tugtar faoi deara

freisin gurb amhlaidh a thugtar deis do pháirtithe leasmhara le hAirteagal 1(3) den Rialachán seo barúlacha a thabhairt agus éisteacht a fháil laistigh de 21 lá óna dháta foilsithe. Ar deireadh, tugann an Coimisiún le fios freisin maidir le haon chinneadh bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur go cúlghabhálach go nochtfar do pháirtithe leasmhara é i gcomhréir le hAirteagal 10(5) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh sin.

4. **NÓS IMEACHTA**

(54) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt le hallmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir clárú i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(55) Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil. Féadfaidh an Coimisiún éisteacht le páirtithe leasmhara, ar choinníoll go ndéanann siad iarraidh i scríbhinn agus go dtaispeánann siad go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht a thabhairt dóibh.

5. **CLÁRÚ**

(56) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, ba cheart allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir clárú chun a áirithiú go bhféadfar na dleachtanna sin a ghearradh go cúlghabhálach, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, ar na hallmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, i gcás ina mbeadh torthaí ar na himscrúduithe as a dtiocfadh forchur dleachtanna frithdhumpála.

(57) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.

(58) Na líomhaintí sa ghearán lenar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, is éard a mheasann siad go bhfuil corrlaigh dhumpála idir 126 % agus 270 % ann, agus go bhfuil leibhéal díothaithe díobhála ann idir 41 % agus 251 % ann le haghaidh an táirge lena mbaineann. De ghnáth, dhéanfaí méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle de na leibhéil sin de réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

6. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(59) Sonraí pearsanta ar bith a bailíodh i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach a chlárú, seachas cruach dhosmálta i.e. scriúnna adhmaid (gan scriúnna cóiste san áireamh), scriúnna féintapála, scriúnna agus boltaí eile ar a bhfuil cinn (cibé acu atá nó nach bhfuil a gcuid cnónna nó leicneán ag gabháil leo, ach gan scriúnna ná boltaí chun ábhar foirgníochta ráillí iarnróid a dheisiú san áireamh), agus leicneáin. Tagann na táirgí seo faoi láthair faoi chóid CN 7318 12 90, 7318 14 91, 7318 14 99, 7318 15 58, 7318 15 68, 7318 15 82, 7318 15 88, ex 7318 15 95 (cóid TARIC 7318 15 95 19 agus 7318 15 95 89), ex 7318 21 00 (cóid TARIC 7318 21 00 31, 7318 21 00 39, 7318 21 00 95 agus 7318 21 00 98) agus ex 7318 22 00 (cóid TARIC 7318 22 00 31, 7318 22 00 39, 7318 22 00 95 agus 7318 22 00 98) agus is de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Rachaidh an clárúchán in éag naoi mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn, fianaise thacaíochta a sholáthar nó éisteacht a iarraidh laistigh de 21 lá ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

([11]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN